# CEISTEANNA SAMPLACHA

## DALTAÍ

- An áit shona shábháilte í do scoil?
- An áit shona shábháilte í do sheomra ranga?
- An eol duit cén rud é iompar bulaíochta?
- Ar fhoghlaim tú faoi bhulaíocht sa scoil seo?
- An bhfuil bulaíocht á déanamh ort ar bhealach ar bith?
- An bhfuil aon duine sa rang a bhfuil tromaíocht á déanamh air?
- An bhfuil aon duine á fhágáil amach, nó neamhaird á tabhairt air d'aon turas?
- An bhfuil aon duine ag scaipeadh ráflaí nó cúlchaint ar líne nó as líne?
- An bhfuil daltaí ó ranganna eile ag tabhairt drocham do dhuine ar bith sa rang seo?
- An bhfuil aon áiteanna ar scoil ina mothaíonn tú míshábháilte? (m.sh.: clós, leithris, srl...)
- An bhfuil aon áiteanna ar an mbealach chun na scoile nó ar an mbealach abhaile ina mothaíonn tú míshábháilte? An bhfaca tú iompar bulaíochta le déanaí?
- Cár tharla sé? An bhfuil duine fásta anseo ar scoil a bhféadfá labhairt leis más amhlaidh gur mhothaigh tú buartha faoi bhulaíocht nó go raibh bulaíocht á déanamh ort?

## TUISMITHEOIRÍ

- An mothaíonn do leanbh/leanaí sábháilte sa scoil seo againn?
- An bhfaca tú polasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat conas teacht ar pholasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh má bhíonn imní ort maidir le hiompar bulaíochta?
- An mbraitheann do pháiste gur féidir leis labhairt le ball d'fhoireann na scoile má bhíonn imní nó buaireamh air/uirthi faoi iompar bulaíochta?
- Ar fhulaing do pháiste/pháistí iompar bulaíochta riamh sa scoil seo?
- Ar ghlac do pháiste/pháistí páirt in iompar bulaíochta riamh?
- An bhfaca do pháiste/pháistí iompar bulaíochta riamh?
- Más eol, an raibh tú sásta leis an gcaoi ar déileáladh leis seo?
- An mbraitheann tú gur ghabh an scoil seo orthu féin déileáil le hiompar bulaíochta agus é a chosc?
- An bhfuil aon rud eile a ba mhaith leat a rá faoi chur chuige na scoile seo maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air?

## FOIREANN

- An bhfaca tú polasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat conas teacht ar pholasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat cé atá freagrach as iompar bulaíochta a fhiosrú agus freagairt dó i do rang/scoil?
- An raibh tú rannpháirteach in aon fhoghlaim ghairmiúil sa réimse seo?
  - Mura raibh, conas a d'fhéadfá uas-sciliú a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir leat tacú le polasaí Bí Cineálta na scoile?
- Cad iad na straitéisí sonracha oideachais agus coisicthe a úsáideann tú i do rang/scoil?
- Ar tuairiscíodh eachtra d'iompar bulaíochta duit riamh sa scoil seo?
  - Cén chaoi ar phléigh tú leis an iompar bulaíochta sin? An raibh tú sásta leis an toradh?
- Cén áit is dóichí a tharlóidh iompar bulaíochta sa scoil seo?
- An mbraitheann tú go bhfuil an scoil seo tiomanta chun déileáil le hiompraíocht bhulaíochta agus í a chosc?
- An bhfuil aon rud eile a ba mhaith leat a rá faoi chur chuige na scoile seo maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air?